# Beartas Ionad Seirbhíse BIÉ 2023
# (Gréasáin mhótarbhealaigh agus débhealaigh).

Bonneagar Iompair Éireann



Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Nollaig 2023

# Beartas Ionad Seirbhíse BIÉ 2023 (Gréasáin Mhótarbhealaigh agus Dhébhealaigh)

**CLÁR ÁBHAR**


1 Réamhrá ..... 3
1.1 Cúlra / Comhthéacs ..... 3
1.2 Comhthéacs Beartais ..... 3
2 Comhairliúcháin Phoiblí 2023 ..... 8
2.1 Freagraí atá Ábhartha don Bheartas – ionaid seirbhíse ..... 8
2.2 Freagraí Lasmuigh de Shainchúram an Nuashonraithe Beartais– leataobhanna ..... 8
2.3 Freagraí atá Ábhartha don Bheartas – Comharthaíocht ..... 9
2.4 Freagraí Lasmuigh de Shainchúram an Nuashonraithe Beartais seo ..... 9
3 Áiseanna ..... 9
3.1 Ionaid Seirbhíse ar an Líne ..... 9
3.2 Ionaid Seirbhíse ar Leataobh ..... 9
4 Beartas do Sholáthar Ionad Seirbhíse ..... 10
4.1 Soláthar Reatha – Cur i bhFeidhm ó Bheartas 2014 ..... 10
4.2 Taighde agus Tagarmharcáil ..... 12
4.3 Beartas Athbhreithnithe ..... 12
4.4 Riachtanas Sainaitheanta d’Ionaid Seirbhíse agus Soláthar nua ..... 13
5 Pleanáil ..... 16
6 Leataobhanna agus Limistéir Forfheidhmithe an Gharda Síochána ..... 16
7 Beartas maidir le Cumarsáid ..... 21
8.0 Na Chéad Chéimeanna eile ..... 21

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra / Comhthéacs

Tá freagracht ar Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) faoi Acht na mBóithre 1993 gréasán de Bhóithre Náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar. Glactar leis go gcuirtear san áireamh le gréasán sábháilte bóithre limistéir leordhóthanacha pháirceála a sholáthar lena chur ar chumas tiománaithe chun stopadh agus chun sos a ghlacadh. Thug rialacháin an Aontais Eorpaigh seasamh dlíthiúil don ghá seo faoi rialacháin Gréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T).

Chun soláthar áiseanna sábháilteachta a chinntiú do gach úsáideoir bóthair, d'fhoilsigh BIÉ a Bheartas Ionad Seirbhíse go deireanach in 2014, anseo. Bhain Beartas 2014 le hathbhreithniú cuimsitheach ar na seirbhísí atá ar fáil ar nó in aice leis an nGréasán Mótarbhealaigh agus Débhealaigh Shaghas 1[1] ( (dá ngairtear 'an Gréasán' feasta). Leagtar amach i mBeartas 2014 an gá atá le háiseanna a chur ar fáil chun ligean do thiománaithe (go háirithe tiománaithe tráchtála) stopadh agus sos a ghlacadh.

Ullmhaíodh an nuashonrú ar an mBeartas Ionad Seirbhíse seo de réir na ngealltanas a rinneadh i mBeartas 2014 agus chun treo agus breithnithe reatha an bheartais iompair a léiriú maidir le; sábháilteacht ar bhóithre, riachtanais athbhreoslaithe agus athluchtaithe. Tá sé bunaithe ar athbhreithniú ar an dul chun cinn i soláthar ionad seirbhíse ó 2014; chomh maith le comhairliúchán poiblí ar ionaid seirbhíse, a rinneadh in 2023.

Ba chóir a thabhairt ar aird go mbaineann an nuashonrú ar an mBeartas Ionad Seirbhíse seo go sonrach leis an nGréasán Mótarbhealaigh agus Débhealaigh Shaghas 1 atá ann faoi láthair agus atá beartaithe. Níl feidhm ag an mbeartas seo maidir leis an ngréasán Bóithre Náisiúnta débhealaí singil.

Agus an méid thuas á chur san áireamh, moltar sa doiciméad seo uasfhad inmhianaithe nua idir ionaid seirbhíse ar an nGréasán; agus sainaithnítear áiteanna ina bhfuil an gá is práinní le hionaid seirbhíse nua chun a chinntiú go gcomhlíontar íosmhéid soláthair ionad seirbhíse a theastaíonn.

## 1.2 Comhthéacs Beartais

Mar gheall ar bheartas na hEorpa (ar a dtugtar achoimre i dTábla 1.1) tá ar Bhallstáit ionaid a sholáthar, áit ar féidir le húsáideoirí páirceáil, scíth a ligean agus rochtain a fháil ar áiseanna. Tá béim láidir ar fhreastal ar riachtanais úsáideoirí bóthair tráchtála a éilíonn go gcaithfear le bóithre mar ionad oibre agus go dtabharfar timpeallacht shábháilte agus oiriúnach d'úsáideoirí bóithre le bheith ag obair ann. Laistigh de thograí níos déanaí ón gCoimisiún Eorpach, tá suntasacht níos mó freisin maidir le saoráidí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar feadh na ngréasáin bóithre TEN-T. Tá na ceanglais sin leagtha laistigh de nuashonrú an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha. Liostaítear sa tábla thíos na doiciméid bheartais Eorpacha ábhartha.

[1] Débhealach Cineál 1 – bóthar roinnte le dhá lána agus gualainn chrua i ngach treo taobh leis

*Tábla 1.1 Beartais agus Rialacháin/Treoracha Eorpacha ábhartha*

| Beartas | Rialachán/Treoir |
|---|---|
| **Gréasáin Thras-Eorpacha Iompartha** | **Rialachán (AE) atá á nuashonrú agus á ghlacadh faoi láthair, anseo.** |
| **Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe** | **Rialachán (AE) Uimh. 561/2006, anseo,**<br>**Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún, anseo.** |
| **Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagair Bhóthair** | **Treoir AE 2019/1936, anseo; I.R. Uimh. 612/2021.** |
| **Córais Chliste Iompair** | **Treoir 2010/40/AE, anseo.** |
| **Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha** | **(Rialachán 2023/1804)[2]** |

**Beartas Eorpach**

Pléitear na beartais Eorpacha ábhartha níos mionsonraithe thíos.

***Rialachán Gréasáin Thras-Eorpacha Iompartha***

Sonraíodh i Rialachán TEN-T [(AE) Uimh. 1315/2013] an gá le spásanna cuí páirceála a sholáthar d'úsáideoirí tráchtála agus, ar an gcroíghréasán, forbairt ionaid scíthe thart ar gach 100km ar aon dul le riachtanais úsáideoirí bóithre. Ghlac an Coimisiún Eorpach Togra le déanaí chun an Rialachán lena rialaítear gréasán TEN-T a nuashonrú (an 5 Nollaig 2022); agus d'fhoilsigh sé tograí athbhreithnithe le haghaidh na gCroíghréasán agus na nGréasán Cuimsitheach.[3]

*Croíghréasán*

Léireofar na spásanna athbhreithnithe seo a leanas sa Rialachán nuashonraithe: ar an gCroíghréasán, faoi 2040, '*tá ionaid scíthe ar fáil feadh bhóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin leathnaithe ag uasfhad **60 km óna chéile**, ag soláthar spás páirceála leordhóthanach agus saoráidí iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais*

*lucht saothair éagsúil'.*[4]

*Gréasán Cuimsitheach*

Ar an ngréasán Cuimsitheach, *'tá limistéir scíthe ar fáil ag uasfhad **100 km óna chéile**, ag soláthar spás páirceála leordhóthanach, agus áiseanna iomchuí, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta, a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht saothair éagsúil'*.[5] Ar an ngréasán Cuimsitheach, beidh feidhm ag na ceanglais sin faoi 2050.

Luaitear an méid seo a leanas sa Togra freisin maidir le páirceáil shábháilte agus shlán a sholáthar d'fheithiclí tráchtála:

*"Déanfaidh na Ballstáit gach iarracht is féidir chun a áirithiú go bhforbrófar ionaid pháirceála shábháilte agus shlán atá suite ar bhóithre an chroíghréasáin agus an chroíghréasáin leathnaithe, nó laistigh de 3km ón mbealach amach is gaire ón ngréasán tras-Eorpach iompartha, le fad 150km idir dhá ionad den sórt sin ar an meán, lena soláthrófar spás páirceála leordhóthanach d'fheithiclí tráchtála agus lena gcomhlíonfar na ceanglais*

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023R1804&qid=1699269091395


[3] Comhairle an Aontais Eorpaigh: Comhad Idir Institiúidí: 2021/0420(COD); An Bhruiséil, an 6 Nollaig 2022 (OR. en); 15664/22

[4] pdf dar dáta an 20 Nollaig 2022 (europa.eu)

[5] pdf dar dáta an 20 Nollaig 2022 (europa.eu)

*a leagtar amach in Airteagal 8a (1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 faoin 31 Nollaig 2040. Féadfaidh na Ballstáit díriú ar chodanna de bhóithre ina bhfuil trácht lasta ard-déine.'* [6]

Mhol taighde níos déanaí ón gCoimisiún Eorpach gur cheart ionaid pháirceála shábháilte agus shlán a chur ar fáil ar na gréasáin lárnacha agus chuimsitheacha TEN-T, le uasfhad 100km idir gach ionad. Cé go bhfuil caibidlíocht ar siúl maidir le spásáil, is cosúil go bhfuil comhaontú ginearálta ann gur cheart do na Ballstáit gach iarracht is féidir a dhéanamh ar a laghad chun a áirithiú go ndéanfar ionaid pháirceála shábháilte agus shlán a fhorbairt chun spás páirceála leordhóthanach a sholáthar d'fheithiclí tráchtála agus chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8a (1) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus/nó in Airteagal 8(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2020/1054 a chomhlíonadh (féach Cuid 3.1 le haghaidh tuilleadh sonraí ar ghníomhaíocht BIÉ sa limistéar seo).




*Fíor 1.1 Gréasán Bóithre TEN-T*

[6] pdf dar dáta an 20 Nollaig 2022 (europa.eu)

***Rialachán um Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe***

Is é cuspóir an Rialacháin um Am Tiomána agus Tréimhsí Scíthe chun feabhas a chur ar choinníollacha oibre le haghaidh tiománaithe agus sábháilteachta ar bhóithre le haghaidh gach úsáideoir bóithre. Sonraítear sa Rialachán an gá atá leis go nglacann tiománaithe sos 45 nóiméad tar éis gach ceithre huaire go leith a chaitheamh ag tiomáint. Anuas air sin, ní mór do thiománaithe tréimhsí laethúla sosa agus tréimhsí seachtainiúla scíthe a ghlacadh. Ceadaítear do thiománaithe tréimhsí laethúla agus laghdaithe seachtainiúla a ghlacadh ina bhfeithiclí.

***Treoir maidir le Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagair Bhóthair***

Leagtar síos sa Treoir maidir le Bainistiú Sábháilteachta Bonneagair Bhóithre gur féidir, nuair a bhíonn cigireachtaí spriocdhírithe á ndéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre do thionscadail bhonneagair, soláthar ionad páirceála sábháilte agus limistéir scíthe a mheas.

***Treoir maidir le Córais Chliste Iompair***

Leagtar amach sa Treoir maidir le Córais Chliste Iompair (ITS) an gá amach le teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar iompar ar fud an AE, lena n-áirítear an gá le faisnéis agus áirithint páirceáil shábháilte agus shlán a sholáthar d'fheithiclí tráchtála.

***Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha***

Rinne an Chomhairle Eorpach an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) a nuashonrú agus a ghlacadh le déanaí i mí Iúil 2023. Sainordaítear leis na rialacháin athbhreithnithe íoscheanglais bhonneagair luchtaithe ar an ngréasán Tras-Eorpach Iompartha (TEN-T), lena gcinnteofar go mbeidh stáisiúin leordhóthanacha idir-inoibritheacha athluchtaithe agus athbhreoslaithe breosla mhalartacha ann. Faoin AFIR, beidh ar gach ballstát Creat Beartais Náisiúnta nuashonraithe maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha a ullmhú faoi dheireadh 2024; agus cuimseoidh sé gréasán TEN-T.

**<u>Beartas Eorpach atá ag teacht chun cinn</u>**

***Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012*** ón gCoimisiún (An 7 Aibreán 2022)

Rinneadh an Rialachán maidir le hAm Tiomána agus Tréimhsí Scíthe a fhorlíonadh in 2022 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún maidir le caighdeáin a bhunú lena sonraítear leibhéal na seirbhíse agus na slándála d'ionaid pháirceála shábháilte agus shlána agus na nósanna imeachta dá ndeimhniú.

Táthar ag súil go leagfar amach ceanglas spásála/achair chun Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún a chomhlánú i ndoiciméadacht Beartais Eorpaigh in am trátha. Sa todhchaí, beidh aird ag ionaid seirbhíse ar an líne (atá ann cheana agus atá beartaithe) ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún maidir le: leibhéal seirbhíse; soláthar ionad páirceála sábháilte agus slán d'fheithiclí tráchtála; agus spásáil an chéanna.

**<u>Beartas Náisiúnta</u>**

Pléitear na beartais náisiúnta ábhartha thíos.

***Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025***

Sheol an Roinn Iompair an Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025 (Eanáir 2023). Cuireann an Straitéis cosán i láthair chun gréasán luchtaithe feithiclí leictreacha a rolladh amach. Chomh maith le luchtú baile/árasán, luchtú comharsanachta cónaithe, luchtú ceann scríbe; aithníonn an Straitéis freisin an gá atá le luchtú ardluais ar an mbealach. Sonraítear sa Straitéis an aidhm '*an ceanglas AFIR ar a laghad a sheachadadh*'. Luaitear an méid seo a leanas sa Straitéis maidir le saoráidí luchtaithe ar an mbealach feadh an Ghréasáin TEN-T:

- *Faoi dheireadh 2025, beidh stór luchtaithe amháin ar a laghad ann ina mbeidh 300 kW d'acmhainn luchtaithe ar a laghad (lena n-áirítear pointe luchtaithe mear amháin ar a laghad de 150 kW),* ***gach 60***

***km ar Chroíghréasán TEN-T****. Tá dath buí ar an ngréasán seo ar an léarscáil agus cuimsíonn sé na mótarbhealaí agus na bealaí náisiúnta seo a leanas: N7, N69, N8, M1, N28, N40, agus M50'.*

- Faoi 2030, tá leibhéal comhchosúil cumhdaigh ag teastáil, gach 60km, ar an nGréasán Cuimsitheach.
- *"Tá cumhdach íosta de phointí luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu (atá tiomnaithe d'fheithiclí earraí troma) i bhfeidhm faoi dheireadh 2025. Mar shampla, stórtha luchtaithe a bhfuil toilleadh iomlán 1400 kW acu* ***gach 120 km*** *ar 15% den Ghréasán TEN-T, agus luchtaire de mhéid 350 kW ar a laghad (8 stór luchtaithe den sórt sin ar a laghad)'.*[7]

Dá réir sin, leagtar síos sa Straitéis ceanglas chun acmhainn luchtaithe leordhóthanach a chinntiú do ghluaisteáin, do veaineanna agus do thrucailí (feithiclí earraí troma) i stórtha luchtaithe ar an gCroíghréasán sa ghearrthéarma agus ar an nGréasán Cuimsitheach sa mheántéarma. Tá áiseanna ionaid seirbhíse ar an líne i bhfeidhm ag BIÉ faoi láthair ar chonair an M1 de Chroíghréasán TEN-T, ag Lusca agus ag Baile an Ghearlánaigh. Déanfaidh Feithiclí Astaíochta Nialais Éireann (Zevi) comhordú ar sheachadadh na gceanglas luchtaithe ardchumhachta ar na gréasáin TEN-T. Cabhróidh BIÉ le ZEVI le bonneagar luchtaithe faoi bhealach a sholáthar.

*Dréacht****phlean Náisiúnta um Ghréasán Luchtaithe Feithiclí Leictreacha***

Tar éis fhoilsiú na Straitéise um Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, d'fhorbair ZEVI dréacht-Phlean Náisiúnta um Ghréasán Luchtaithe EV Faoi Bhealach le tacaíocht ó BIÉ, Bord Soláthair an Leictreachais agus páirtithe leasmhara eile. Tá an Plean seo le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2023. Tugann an plean gréasáin suntas do shuíomhanna straitéiseacha na hionaid seirbhíse atá ann cheana; agus leagann sé béim ar an ról ríthábhachtach is féidir leo a imirt maidir le bonneagar luchtaithe faoi bhealach a sheachadadh. Leagtar amach sa phlean gréasáin na buntáistí is féidir a fhabhrú trí na háiseanna seo a ghiaráil agus líon na stáisiún luchtaithe feithiclí leictreacha ag na suíomhanna seo a leathnú.

***Straitéis um Tharlú Bóithre na hÉireann 2022-2031***

Sheol an Roinn Iompair Straitéis um Tharlú Bóithre na hÉireann 2022-2025 (Nollaig 2022). Díríonn an Straitéis '*ar éifeachtúlachtaí a ghiniúint agus ar chaighdeáin a fheabhsú, agus ar chabhrú le fostaíocht shlán a chruthú agus cuidiú leis an earnáil bogadh chuig todhchaí ísealcharbóin*'. Chuige sin, *leagtar amach sa Straitéis 'na bearta agus na beartais tacaíochta a theastaíonn chun na cuspóirí sin a bhaint amach'.*

Leagann an Straitéis um Tharlú Bóithre béim ar sholáthar ionad scíthe ar ardchaighdeán; agus ionaid pháirceála shábháilte agus shlán don earnáil tarlaithe. Leagann an Straitéis béim freisin ar an ngá atá le faisnéis ardchaighdeáin agus mapáil na n-áiseanna atá ar fáil, chun feasacht a fheabhsú i measc iompróirí agus an phobail ar an gcéanna (Gníomh 19, a n-aithnítear BIÉ mar úinéir).

*'Gníomhaíocht 19: An bonneagar reatha atá ar fáil do tharlú agus do lasta a mhapáil lena n-áirítear stadanna scíthe agus stáisiúin athbhreoslaithe agus tionscadail tosaíochta le haghaidh dul chun cinn a shainaithint.'*[8]

***Na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta***

Leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála breithniúcháin bheartais phleanála a bhaineann le forbairt a imríonn tionchar ar Bhóithre Náisiúnta (lena n-áirítear mótarbhealaí agus débhealaí) lasmuigh de chriosanna luasteorann 50/60km san uair le haghaidh cathracha, bailte agus sráidbhailte.

Déanann Mír 2.8 de na Treoirlínte maidir le Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta idirdhealú idir trí láthair éagsúla le haghaidh ionaid seirbhíse:

- Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an Líne;
- Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar Leataobh ag Acomhail Bhóithre Náisiúnta; agus

[7]Straitéis um Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025, leathanaigh 27  53-54.

[8]Straitéis um Tharlú Bóithre na hÉireann 2022-2031, leathanach 61.

- Áiseanna Seirbhíse Thaobh an Bhóthair ag Acomhail Bhóithre Náisiúnta Neamh-Mhótarbhealaigh.

Molann na treoirlínte an gá atá le leathadh ionaid seirbhíse ag acomhail mBóithre Náisiúnta a sheachaint. Sonraítear sna treoirlínte freisin gur cheart go mbeadh na háiseanna a chuirtear san áireamh in ionaid seirbhíse bheith den saghas sin a sheachnaíonn turais ghearra áitiúla a mhealladh nó go ndéanfar cinn scríbe de na láithreacha le haghaidh custaiméirí áitiúla.

## 2 Comhairliúcháin Phoiblí 2023

Bhí an doiciméad seo faoi réir ag comhairliúchán poiblí a rinneadh idir Meán Fómhair Iúil agus Lúnasa 20192023, inar tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara agus don phobal a dtuairimí a thabhairt faoi: soláthar reatha an limistéir seirbhíse, dréacht tosaigh den doiciméad ábhair agus Beartas Comharthaíochta BIÉ. Rinneadh na freagraí ar an gcomhairliúchán a chatagóiriú mar ‘ábhartha d’ionaid seirbhíse’, ‘ábhartha do leataobhacha’, ‘bainteach le comharthaíocht’, agus ‘lasmuigh de shainchúram an bheartais, mar a leagtar amach sna hailt seo a leanas.

### 2.1 Freagraí atá Ábhartha don Bheartas – ionaid seirbhíse

Measadh go raibh na téamaí leathana seo a leanas, a d'eascair as an gcomhairliúchán poiblí, ábhartha don Bheartas Ionad Seirbhíse agus rinneadh iad a mheas nuair a bhí an nuashonrú beartais seo á ullmhú:

- Ba théama coitianta é an ceanglas spásála ionad seirbhíse athbhreithnithe (de 60km) a leagtar amach sa dréachtcháipéis beartais; tugadh ar aird go raibh an ró-mhór.
- Ceistíodh leibhéal an tsoláthair d'ionaid seirbhíse ar ghréasán na mBóithre Náisiúnta aonbhealaigh.
- Fiosraíodh comhchaighdeáin maidir le limistéir pháirceála shábháilte agus shlána don earnáil tarlaithe, agus leibhéil seirbhíse don chéanna.
- Leagadh béim ar an ngá atá le hiniúchtaí cáilíochta seirbhíse d’ionaid seirbhísí, ag baint le glaineacht agus leibhéal seirbhíse (m.sh., uaireanta oibriúcháin); agus seirbhísí coimhdeacha eile amhail trácht beo agus faisnéis aimsire.
- Ardaíodh nuashonrú caighdeán dearaidh d'ionaid seirbhíse freisin. Foilsíonn BIÉ caighdeáin deartha d'ionaid seirbhíse ar líne; déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na caighdeáin seo. Tá nuashonrú ar an gcaighdeán seo lasmuigh de shainchúram an doiciméid bheartais seo ach is dócha go mbeidh tionchar ag an méid seo a leanas air: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún, an nuashonrú ar an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha; bailchríoch a chur ar an bPlean Náisiúnta um Ghréasán Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Faoi Bhealach (in éineacht le rannpháirtíocht le ZEVI); agus an Nuashonrú seo a léiriú freisin.

### 2.2 Freagraí Lasmuigh de Shainchúram an Nuashonraithe Beartais– leataobhanna

Rinneadh na pointí seo a leanas maidir le leataobhanna go sonrach, agus breithníodh iad agus an nuashonrú beartais seo á ullmhú:

- Iarradh go mbeadh leataobhanna ar fáil do gach Feithicil Tráchtála.
- Rinneadh fiosrú faoi oibreacha feabhsúcháin/uasghrádaithe ar leataobhanna, áit a bhfuil leataobhanna agus Limistéir Forfheidhmithe an Gharda Síochána le fanacht ar fáil lena n-úsáid. Moladh feachtas cumarsáide d'aon chuíchóiriú nó dúnadh.
- D'iarr roinnt aighneachtaí leataobhanna breise nó 'stadanna cuí' lena n-úsáid ag cách (go sonrach ar chonair an M6 idir Baile Átha Luain agus Gaillimh; agus go gcuirtear limistéir forfheidhmithe an Gharda Síochána a bhfuil glas fraincín orthu feadh chonairí an M7 agus an M8 ar fáil).

### 2.3 Freagraí atá Ábhartha don Bheartas – Comharthaíocht

Measadh go raibh na téamaí seo a leanas, a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán poiblí, ábhartha don bheartas Comharthaíochta agus breithneofar iad laistigh de nuashonrú orthu:

- Comharthaíocht ghorm a sholáthar d'ionaid seirbhíse ar leataobh, de rogha ar na comharthaí donna atá ann faoi láthair; nó modhanna eile chun ionaid seirbhíse a shainaithint agus leibhéal na seirbhísí a sholáthraíonn siad e.g. córas aitheantais uathúil MSA.
- Ardaíodh agus ceistíodh soláthar lógónna branda bia.
- Iarradh soiléirithe ar an bpróiseas maidir le comharthaíocht a sholáthar, in éineacht leis an bpróiseas chun déileáil le leantóirí ar thaobh an bhóthair.
- Ar bhonn níos ginearálta ar chomharthaíocht – ardaíodh luach comharthaí réamhfhógra 15km d'ionaid seirbhíse; moladh comharthaíocht a sholáthar ag leataobhanna a léiríonn achair go dtí an chéad ionad seirbhíse eile; agus iarradh freisin toisí a sholáthar do na comharthaí éagsúla laistigh den bheartas Comharthaíochta.

### 2.4 Freagraí Lasmuigh de Shainchúram an Nuashonraithe Beartais seo

Rinneadh roinnt aighneachtaí maidir le saoráidí luchtaithe feithiclí leictreacha ardluais feadh líonraí TEN-T; agus measadh gur bhain siad leis an bPlean Náisiúnta um Ghréasán Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Faoi Bhealach. Cuireadh na haighneachtaí seo ar aghaidh chuig ZEVI.

## 3 Áiseanna

Tá dhá shaghas éagsúla ionad seirbhíse ar an nGréasán a sholáthraíonn deiseanna do thiománaithe scíth a ligean, mar atá leagtha amach thíos.

### 3.1 Ionaid Seirbhíse ar an Líne

Tá rochtain agus imeacht ag ionaid seirbhíse ar an líne go díreach ón Mótarbhealach / príomhlíne débhealaigh Shaghas 1. Is ionann na háiseanna ar an líne go léir a chuirtear ar fáil go dtí seo agus Ionaid Seirbhíse Shaghas 1 (ionaid lánseirbhíse), dá dtagraítear i mBeartas 2014. Is ionaid seirbhíse ar scála mór iad a sholáthraíonn foirgneamh taitneamhachta (lena n-áirítear siopa áise, bialann, seomraí folctha agus faisnéis do thurasóirí), áiseanna breosla, áiseanna luchtaithe feithiclí leictreacha, limistéir phicnice, dóthain páirceála agus áiseanna sláintíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht saothair éagsúil. Tugann BIÉ faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú rialta ar gach ceann de na háiseanna ionad seirbhíse ar líne, lena chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeáin, leibhéil seirbhíse agus riachtanais inrochtaineachta.

Tá BIÉ freagrach as seachadadh ionad seirbhíse ar an líne, cibé acu a fhorbraítear iad mar chuid lárnach de thionscadail bhóithre nua nó a iarfheistítear ar an nGréasán. Faoi láthair tá BIÉ ag feidhmiú ionad seirbhíse ar an líne, trí lamháltais, ag 6 shuíomh ar an M1, M4, M6, M9 agus M11 mar a léirítear i bhFíor 4.1.

Amach anseo, beidh aird ag ionaid seirbhíse ar líne ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún maidir le: leibhéal seirbhíse; soláthar limistéar páirceála sábháilte agus slán d'fheithiclí tráchtála; agus spásáil an chéanna. Tá BIÉ i mbun athbhreithniú a dhéanamh faoi láthair ar shaoráidí limistéir pháirceála atá ann cheana faoin nGréasán, i gcomhthéacs leibhéal na seirbhíse mar a phléitear sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún; agus féadfaidh sé acmhainneacht a shainaithint chun scéim phíolótach a fhorbairt, maidir le limistéir pháirceála shábháilte agus shlán a sholáthar don earnáil tarlaithe ag ionad seirbhíse ar líne. D'fhéadfadh sé go n-éileodh an t-athbhreithniú agus na torthaí seo nuashonrú ar chaighdeáin BIÉ d'ionaid seirbhíse ar líne; agus d'fhéadfadh sé a bheith mar bhonn eolais ag rolladh amach an tsoláthair ina dhiaidh sin ar fud an ghréasáin ionad seirbhíse ar líne níos leithne, nuair is féidir.

### 3.2 Ionaid Seirbhíse ar Leataobh

Tá ionaid seirbhíse ar leataobh suite in aice leis an gcarrbhealach príomhlíne ach tá rochtain orthu trí acomhal ar an Mótarbhealach / débhealach. Tá soláthar ionad seirbhíse ar leataobh faoi réir bheartais an phlean

forbartha áitiúil agus riachtanais an bheartais pleanála náisiúnta atá luaite sna Treoirlínte um Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta um Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2012). Aithníonn BIÉ gur féidir le saoráidí ar leataobh atá faofa go cuí seirbhísí fairsinge a sholáthar agus critéir áirithe a chomhlíonadh, eadhon:

- Leibhéal iomchuí soláthair páirceála a chur san áireamh do ghluaisteáin agus d'Fheithiclí Tráchtála Troma (HCVanna);
- Oiriúnach d'Acomhail Mhótarbhealaigh le Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha: A bheith suite gar d'acomhail Mhótarbhealaigh, i.e., laistigh de 500 méadar ó bharr an rampa easbhóthair is faide ón acomhal Mótarbhealaigh / débhealaigh;
- Fanacht ar oscailt don phobal 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain;
- Cead a thabhairt d'fheithiclí tráchtála páirceáil ar feadh tréimhsí níos faide, lena n-áirítear thar oíche, agus ar an gcaoi sin ligean do thiománaithe sosanna agus tréimhsí scíthe a ghlacadh;
- Trealamh sábháilteachta agus slándála agus saoráidí cuí a sholáthar, lena n-áirítear saoráidí sláintíochta agus leasa tiománaithe in éineacht le saoráidí breoslaithe, athluchtaithe agus coimhdeacha; agus
- Acomhail mótarbhealach go mótarbhealach: tá roinnt acomhail mótarbhealach to mótarbhealach ar an nGréasán atá de leagan amach neamhchaighdeánach, agus mar sin déanfar athbhreithniú ar ionaid seirbhíse atá suite I gcomharsanacht na socruithe eisceachtúla seo ar bhonn cás ar chás.

Cuireann forbróirí príobháideacha ionaid seirbhíse ar leataobh ar fáil agus níl aon fhreagracht ar BIÉ maidir le saoráidí den sórt sin a sholáthar agus a chur i bhfeidhm. Faoi láthair tá trí shuíomh déag seirbhíse ar leataobh ar an nGréasán, a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach thuas faoi láthair.

# 4 Beartas do Sholáthar Ionad Seirbhíse


## 4.1 Soláthar Reatha – Cur i bhFeidhm ó Bheartas 2014

Nuair a foilsíodh beartas 2014, bhí cúig ionad seirbhíse i bhfeidhm ar an nGréasán; trí ionad seirbhíse ar an líne BIÉ agus dhá ionad seirbhíse príobháideacha ar leataobh amach ó chonair an M7, mar a léirítear i bhFíor 4.1.

Bhí soláthar cúig ionad seirbhíse nua ar a laghad ar an ngréasán Mótarbhealaí nó díreach in aice leis faoi 2020 ar cheann de na gníomhartha a leagtar amach i Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais (2013-2020), agus é mar aidhm aige básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú ar an ngréasán bóithre.

Ó 2014 i leith, osclaíodh ceithre ionad seirbhíse déag eile, rud a thug líon iomlán na n-ionad seirbhíse ar an nGréasán go naoi n-ionad déag, a bhfuil sé cinn acu ar an líne, agus trí cinn déag eile ar leataobh. Le déanaí, lorgaíodh cead pleanála chun ionaid seirbhíse ar leataobh a fhorbairt ar: chonair an M18 i gcomharsanacht na hInse; agus chonair an M3 i gcomharsanacht Dhún Seachlainn.

Léirítear an t-athrú ar sholáthar ionad seirbhíse idir 2014 agus 2023 i **bhFíor 4.1**.




*Fíor 4.1: Athruithe ar sholáthar ionad seirbhíse idir 2014 (ar chlé) agus 2023 (ar dheis)*

## 4.2 Taighde agus Tagarmharcáil

Rinneadh cleachtadh taighde agus tagarmharcála, chun an soláthar i ndlínsí eile a thuiscint.

Tugann *Fatigue*, páipéar 2018 ón bhFaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre,[9] breac-chuntas ar an gcaoi a dtagann meath ar fheidhmíocht tiomána mar thoradh ar thuirse mar seo a leanas:

- aga freagartha níos moille;
- feidhmíocht stiúrtha laghdaithe;
- cumas laghdaithe chun dul chun cinn a choimeád ar bun; agus
- an claonadh méadaithe a tharraingt siar go meabhrach ón tasc tiomána.

Mar thoradh air sin, tá tuirse ina fhachtóir mór i gcuid mhór de na timpistí bóthair (raon 10-20%). Tugann an páipéar ar aird freisin, nuair a bhíonn scíth tógtha ag tiománaithe agus nuair a thógann siad go leor sosanna le linn tiomána, gur féidir leo tiomáint níos faide gan feidhmíocht a laghdú.

Agus oibleagáidí reachtúla BIÉ faoi dhlí na hEorpa agus faoin dlí Náisiúnta á gcur san áireamh (chun gréasán Bhóithre Náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar); tá sé i gceist ag BIÉ an t-achar uasta idir ionaid seirbhíse a laghdú, chun a chinntiú go soláthraítear saoráidí scíthe leordhóthanacha do thiománaithe, agus ar an gcaoi sin sábháilteacht a fheabhsú do gach úsáideoir bóthair.

Agus spásáil chuí á cinneadh aige, thug BIÉ aird ar bhreithnithe beartais in éineacht le samplaí de spásáil in ionaid seirbhíse mótarbhealaigh i dtíortha Eorpacha eile, mar shampla:

- Tugann treoir DfT na RA le fios gur chóir go mbeadh an spásáil uasta idir ionaid seirbhíse mótarbhealaigh 28 míle (~45km) / 30 nóiméad am tiomána le haghaidh HGV;
- Sa Fhrainc, cuirtear ionaid seirbhíse ar fáil go ginearálta gach 50km-60km;
- Sa Spáinn, braitheann soláthar ionaid seirbhíse ar dhéine an tráchta agus ar an idirghníomhaíocht le mótarbhealaí eile agus go ginearálta bíonn sé idir 20km agus 60km; agus
- Sa Ghearmáin, is gnách go mbíonn spásáil idir ionaid seirbhíse idir 30km agus 60km.

## 4.3 Beartas Athbhreithnithe

Ar bhonn cúrsaí beartais, taighde idirnáisiúnta agus tagarmharcáil; moltar beartas athbhreithnithe maidir le spásáil ionad seirbhíse ar an nGréasán. Molann an beartas nuashonraithe uasfhad idir ionaid seirbhíse ar na gréasáin Mhótarbhealaigh agus débhealaí Shaghas 1 (lena n-áirítear codanna Croí TEN-T agus Cuimsitheacha araon) de 60km, de réir Rialacháin an AE.

Léirítear na hionaid seirbhíse reatha (2023) ar an nGréasán i bhFíor 4.1, agus na hachair eatarthu a leagtar amach i dTábla 4.1.

[9] https://ec.europa.eu/transport/road_safety/sites/roadsafety/files/pdf/ersosynthesis2018-fatigue.pdf

*Tábla 4.1 Ionaid seirbhíse reatha ar an nGreasán agus achair eatarthu (lena n – áirítear saoráidí ar an líne agus ar leataobh)*

| Conair | Gréasán TEN-T | Ó | Go dtí | Fad |
|---|---|---|---|---|
| **M1** | Croí | Tosú* | Lusca (J4-J5) | 15km |
| | | Lusca (J4-J5) | Baile an Ghearlánaigh (J15 – J16) | 50km |
| | | Baile an Ghearlánaigh (J15 – J16) | Críoch | 24km |
| **M2** | - | Tosú | Críoch | 17km |
| **M3** | - | Tosú (ag an M50) | Críoch | 66km |
| **M4** | Cuimsitheach | Tosú (ag an M50) | An Bóthar Buí (J9-J10) | 35km |
| | | An Bóthar Buí (J9-J10) | Cionn Átha Gad (J10) | 17km |
| | | Cionn Átha Gad (J10) | Críoch | 20km |
| **M6** | Cuimsitheach | Tosú (ag acomhal leis an M4) | Baile Átha Luain (J7-J8) | 53km |
| | | Baile Átha Luain (J7-J8) | Cill Tulach (J16) | 62km |
| | | Cill Tulach (J16) | Críoch | 26km |
| **M7/Faing** | Croí | Tosú (ag an M50) | Gort na Bealtaine (J14) | 51km |
| | | Gort na Bealtaine (J14) | Leath bealaigh (dhá áis ag J17) | 27km |
| | | Leath bealaigh (dhá áis ag J17) | Muine Gall (J23) | 53km |
| | | Muine Gall (J23) | Cnocán an Éin Fhinn (J27) | 37km |
| | | Cnocán an Éin Fhinn (J27) | Fainge/Críoch | 54km |
| **M8/M28 Rinn an Scidígh** | Croí | Tosú (ag acomhal leis an M7) | Ráth Domhnaigh (J3) | 7km |
| | | Ráth Domhnaigh (J3) | Caiseal (J8) | 52km |
| | | Caiseal (J8) | Mainistir Fhear Maí (J14) | 54km |
| | | Mainistir Fhear Maí (J14) | Rinn an Scidígh/Críoch | 49km |
| **M9** | Cuimsitheach | Tosú (ag acomhal leis an M7) | Cill Chuillinn (J2-J3) | 10km |
| | | Cill Chuillinn (J2-J3) | Ceatharlach (J5) | 37km |
| | | Ceatharlach (J5) | Baile Phóil (J7) | 19km |
| | | Baile Phóil (J7) | Críoch | 54km |
| **M11** | Cuimsitheach | Tosú (ag an M50) | Cuilleann Mór (J14) | 24km |
| | | Cuilleann Mór (J14) | Guaire (J21 -22) | 39km |
| | | Guaire (J21 -22) | Críoch | 45km |
| **M17/M18** | Cuimsitheach | Tosú (ag acomhal leis an M7) | Críoch (ag acomhal le M7) | 120km |

Tá scéimeanna an N21/N69 ó Fhainge go Luimneach agus an M28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh mar chuid de chroíghréasán TEN-T a leathnaíodh le déanaí. Ba chóir a thabhairt ar aird go gcuirfear roinnt seirbhísí d'Fheithiclí Tráchtála Troma ar fáil ag Calafoirt Fhainge agus Rinn an Scidígh, i gcomharsanacht na n-áiseanna calafoirt.

## 4.4 Riachtanas Sainaitheanta d'Ionaid Seirbhíse agus Soláthar nua

Agus an beartas athbhreithnithe um spásáil ionad seirbhíse á chur san áireamh, rinneadh measúnú riachtanas chun suíomhanna a shainaithint ina bhfuil ionaid seirbhíse ag teastáil ar an nGréasán atá ann cheana.

Sainaithníodh sa mheasúnú riachtanas suíomhanna ar an nGréasán atá ann cheana ina sáraítear an t-uasfhad sin faoi láthair; agus ina bhfuil gá le hionaid seirbhíse bhreise chun a chinntiú go gcomhlíontar an soláthar íosta ionad seirbhíse is gá. Aithníodh na riachtanais seo a leanas:

- **Conair M3** – Ní cuid den ghréasán TEN-T an M3. Mar sin féin, tá gá le soláthar ionad seirbhíse feadh na conaire seo. Níl aon ionad seirbhíse i bhfeidhm faoi láthair feadh an bhealaigh seo – deonaíodh cead pleanála do shaoráid ar leataobh in aice le M3 Acomhal 6 (an 3 Bealtaine 2023, faoi achomharc tríú páirtí faoi láthair).
- **Conair M17/M18** – Níl aon ionad seirbhíse i bhfeidhm faoi láthair ar an gconair seo. D'fhéadfadh suíomh oiriúnach a bheith idir Acomhail 12 agus 17 – deonaíodh cead pleanála le déanaí do shaoráid ar leataobh i gcomharsanacht Acomhal M18 12 (cinneadh ar sheas an Bord Pleanála leis, an 21 Deireadh Fómhair 2022).


Chuir BIÉ tús le pleanáil áiseanna ar an líne feadh chonairí an M3, an M6 agus an M18 in 2018/19. Cuireadh an ghníomhaíocht pleanála/roghnú an tsuímh sin ar fionraí in 2020, áfach, i ngach ceann de na trí shuíomh; agus beidh sí fós ar fionraí, chun ligean don earnáil phríobháideach toiliú pleanála iomlán a fháil do cheantair seirbhíse ar leataobh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo. Tugtar ar aird gur tugadh cead pleanála iomlán d'ionaid seirbhíse ar leataobh le déanaí ag Acomhal M18 12 agus ar feadh Acomhal M3 6 freisin.

Sa chás go dteipeann ar an earnáil phríobháideach toiliú pleanála agus seachadadh áiseanna a bhaint amach (de réir na spásála uasta athbhreithnithe atá leagtha amach thuas) feadh na gconairí M3 agus M17/M18 faoi seach faoi dheireadh 2027; déanfaidh BIÉ a phróiseas pleanála a athghníomhachtú (faoi réir an cás gnó d'aon ionad seirbhíse a bheith láidir).

Ní fhéachfaidh BIÉ le ionaid seirbhíse ar an líne a sholáthar i gcomharsanacht na n-ionad seirbhíse ar leataobh atá ann cheana, ag glacadh leis go bhfanfaidh siad ar oscailt agus go leanfaidh siad de na critéir a leagtar amach i gCuid 3.2 a chomhlíonadh.

Níor cheart na riachtanais ionad seirbhíse atá leagtha amach sa bheartas seo a léirmhíniú mar na háiteanna amháin inar féidir ionaid seirbhíse breise a fhorbairt; ba cheart, áfach, leathadh a sheachaint, mar atá leagtha amach sna Treoirlínte um Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (2012).

Léirítear na riachtanais shainaitheanta go táscach i bhFíor 4.2.




Fíor 4.2: Soláthar Ionad Seirbhíse Iar-2023: Gréasán Reatha.

# 5 Pleanáil

Tugtar breac-chuntas thíos ar ról BIÉ i bpleanáil agus i seachadadh ionad seirbhíse amach anseo.

De réir na dTreoirlínte um Pleanáil Spásúil agus na mBóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (2012), tá BIÉ freagrach as ionaid seirbhíse ar an líne a sheachadadh, cibé acu a fhorbraítear iad mar chuid dhílis de thionscadail bhóithre nua nó a iarfheistítear ar Mhótarbhealaí agus ar dhébhealaí Shaghas 1 atá ann cheana. Mar chuid de na socruithe seo, is é ról BIÉ na tailte riachtanacha a fháil agus ceadanna reachtúla ábhartha a fháil. Áireofar le BIÉ (faoi réir fhaomhadh an Bhoird Phleanála) ionaid seirbhíse chuí ar an líne mar chuid lárnach de scéimeanna bóithre agus débhealaí (lena n-áirítear Mótarbhealaí) á bpleanáil nó á n-uasghrádú, de réir an achair is faide atá leagtha amach thuas.

Sa mheasúnú riachtanais a leagtar amach thuas, tugtar i gcrích na híosionaid seirbhíse riachtanacha ar an nGréasán reatha, chun a chinntiú go gcomhlíontar na hachair uasta athbhreithnithe idir ionaid seirbhíse. Tá BIÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar freastal ar na riachtanais sin.

Mar a léirítear i gCuid 3.2, níl aon ról forbartha ná oibríochtúil ag BIÉ maidir le saoráidí na hearnála príobháidí i gcomharsanacht gréasán na mBóithre Náisiúnta, cé go bhféadfadh seirbhísí do thiománaithe a bheith san áireamh sna forbairtí atá i gceist. Tá ról le himirt ag BIÉ, áfach, mar chuid den phróiseas pleanála, agus maidir leis seo, dírítear aird ar na Treoirlínte um Pleanáil Spásúil agus um Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012).
Faoi na treoirlínte, ba cheart saoráidí a mholtar a chur san áireamh i ngach ionad seirbhíse a bheith de chineál a sheachnaíonn mealladh turais ghearra áitiúla, aicme tráchta atá ar neamhréir leis an bpríomhról atá beartaithe do Bhóithre Náisiúnta agus acomhail ghaolmhara maidir le freastal ar thrácht straitéiseach idir-uirbeach agus idir-réigiúnach fad-achair. Ina theannta sin, chun ligean do limistéar seirbhíse a bheith ina cheann scríbe do chustaiméirí áitiúla bheadh sé contrártha le beartas pleanála an Rialtais maidir le miondíola agus lár na mbailte mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Pleanála Miondíola (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012).
Tagraíonn Cuid 2.8 de na treoirlínte d'ionaid seirbhíse mótarbhealaigh ar líne agus ar leataobh a sholáthar ag acomhail Bóithre Náisiúnta. Maidir le hionaid seirbhíse ar líne a bhfuil baint dhíreach ag BIÉ leo a dhaingniú, de réir fhorálacha Acht na mBóithre 1993, arna leasú, tugtar breac-chuntas sna treoirlínte gur cheart freastal ar an rún na n-ionad seirbhíse ar líne seo a sholáthar i bpleananna forbartha ábhartha.

Tugann na Treoirlínte um Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála le fios go soiléir gur chóir iomadú áiseanna ionad seirbhíse ar leataobh ag acomhail Bóithre Náisiúnta a sheachaint. Chun aghaidh a thabhairt ar an gceanglas seo, cuireann na treoirlínte in iúl go bhféadfaidh údaráis áitiúla, agus a bpleananna á n-ullmhú acu, breithniú a dhéanamh ar bheartais maidir le soláthar do limistéir seirbhíse ar leataobh ag tagairt do na ceanglais agus don chomhairle atá san áireamh sa treoir BIÉ is déanaí maidir le suíomh agus leagan amach ionad seirbhíse BIÉ chomh maith le saoráidí seirbhíse atá ann cheana nó atá beartaithe curtha chun cinn go príobháideach laistigh de bhailte/lonnaíochtaí agus atá suite mórthimpeall an dorchla bóthair ábhartha. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtabharfaí faoi chur chuige comhordaithe idir údaráis phleanála i gcomhairle le BIÉ mar chuid de dhréachtú pleananna forbartha. D'fhéadfadh an beartas Ionad Seirbhíse BIÉ seo a bheith mar bhonn le beartais agus cuspóirí ábhartha an phlean forbartha a ullmhú lena bplé idir údaráis phleanála agus BIÉ. Is comhchomhairleoir reachtúil agus comhlacht forordaithe é BIÉ faoi na hAchtanna agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt. Chuige sin, ní mór d'Údaráis Phleanála fógra a thabhairt do BIÉ faoi iarratais phleanála agus pleananna forbartha a mbíonn tionchar acu ar na Bóithre Náisiúnta nó ar an ngréasán iarnróid éadroim. Déanfar aon aighneacht BIÉ ar limistéar seirbhíse ar leataobh laistigh de chomhthéacs tionchair sábháilteachta agus éifeachtúlachta ag acomhal na mBóithre Náisiúnta ábhartha.

Tá raon feidhme an nuashonraithe Beartais seo teoranta do na heilimintí Mótarbhealaigh agus débhealaigh Shaghas 1 den ghréasán Bóithre Náisiúnta.

# 6 Leataobhanna agus Limistéir Forfheidhmithe an Gharda Síochána

Tá roinnt leataobhanna ar an ngréasán Mótarbhealaigh (27), mar a thaispeántar i bhFíor 6.1 thíos. Tá spásanna páirceála ar fáil faoi láthair le haghaidh sosanna gearra. Ina theannta sin, tá roinnt Limistéir Forfheidhmithe an

Gharda Síochána ar an nGréasán (20); cuid acu a bhfuil geata/glas fraincín orthu agus nach bhfuil ar fáil le húsáid ag an bpobal (8 faoi láthair). Tacaíonn Limistéir Forfheidhmithe an Gharda Síochána (GEAanna) seo le feidhm forfheidhmithe dlí i gcásanna áirithe.

Luadh an méid seo a leanas i mBeartas Ionad Seirbhíse 2014 maidir le leataobhanna:

'*Thóg an tÚdarás líon leataobhanna roimhe seo ar an ngréasán débhealaigh, agus bhí sé beartaithe, go príomha, iad a úsáid mar limistéir forfheidhmithe an Gharda Síochána, ach in éagmais limistéir chearta seirbhíse, tá go leor díobh oscailte le húsáid phoiblí a bhaint astu. Ligeann na leataobhanna seo don trácht tarraingt isteach ón bpríomhdhébhealach, ach níl aon áiseanna lonnaithe sna limistéir agus tá na spásanna páirceála an-teoranta. Ní cheadaítear d'úsáideoirí bóithre a bhfeithiclí a fhágáil ag na limistéir leataoibh seo. Mar dhea, soláthraíonn na limistéir leataoibh seo seirbhís theoranta d'úsáideoirí bóithre. Aistarraingeofar na fodhlíthe seo ó úsáid ghinearálta phoiblí, ach d'fhéadfadh roinnt díobh leanúint le bheith in úsáid go fóill mar limistéir forfheidhmithe an Gharda Síochána*.'

Ó 2014 i leith, tá méadú suntasach tagtha ar sholáthar seirbhísí feadh an Ghréasáin, mar a léiríodh roimhe seo ar Fíor 4.1. Soláthraíonn ionad seirbhíse go leor buntáistí d'úsáideoirí bóithre lena n-áirítear sábháilteacht, áisiúlacht agus raon áiseanna atá leagtha amach i gCuid 3.0. Dá bhrí sin, le méadú ar sholáthar ionad seirbhíse agus áiseanna gaolmhara ar chaighdeán níos airde, laghdaítear an gá atá le leataobh. Ina theannta sin, leagadh béim ar leataobhanna trí Chigireachtaí Sábháilteachta ar Bhóithre (a rinneadh de réir na Treorach um Bainistiú Sábháilteachta Bonneagair ar Bhóithre) mar ábhar imní ar fhorais sábháilteachta.

Thug BIÉ faoi shuirbhéanna monatóireachta úsáide ag na leataobhanna éagsúla. Thug na suirbhéanna seo le fios go raibh úsáid shuntasach á baint ag HGVanna agus tiománaithe gairmiúla as leataobhanna. Tá breithniú déanta ag BIÉ ar an mbealach is fearr chun na leataobhanna páirceála seo a oibriú agus a bhainistiú amach anseo. Is é seo a leanas an beartas le haghaidh leataobhanna:

- Cuirfear roinnt de na GEAanna reatha (le geata) i bhfeidhm arís mar leataobhanna agus bainfear geataí, nuair is gá.
- Ceadófar d'Fheithiclí Earraí Troma (HGVanna ) agus do thiománaithe gairmiúla (iad siúd a oibríonn feithiclí laistigh de raon feidhme na rialachán tacagraif) úsáid a bhaint as leataobhanna ar feadh uastréimhse suas le 1 uair an chloig, toisc go bhfuil an Gréasán mar chuid dá n-ionad oibre.
- Bainfidh tiománaithe neamh-HGV (agus tiománaithe gairmiúila i raon feidhme na rialachán tacagraif) atá ag lorg áiteanna scíthe, úsáid as áiseanna ionaid seirbhíse in aice láimhe ar feadh an Ghréasáin (a leagtar amach i bhFíor 4.1 thuas), ach amháin i gcás éigeandála.
- Suiteálfar comharthaí a léiríonn na hathruithe thuas ag gach ceann de na leataobh.
- Cuirfear tús le roinnt cuíchóirithe agus uasghrádaithe ar leataobhanna páirceála feadh an Ghréasáin, ní dhéanfar cuíchóiriú ach amháin nuair atá saoráid/ionad seirbhíse ar ardchaighdeán i gcóngar (mar thoradh air seo dúnadh 8 gcinn faoi láthair).
- Feabhsófar na leataobhanna atá fágtha ar an nGréasán (tar éis cuíchóiriú/comhdhlúthú).
- Forbrófar plean cumarsáide chun aird a tharraingt ar áiseanna atá ann cheana ar an nGréasán, mar atá leagtha amach i gCuid 7. Tháinig sé chun solais trí chomhairliúchán go bhfuil feasacht teoranta ar na háiseanna seirbhíse atá ar fáil ar fud an Ghréasáin faoi láthair.

D'fhéadfadh cuíchóiriú breise a bheith ann amach anseo ar leataobhanna, de réir mar a fhorbraítear ionaid seirbhíse bhreise feadh an Ghréasáin i ngar do leataobhacha atá ann cheana féin. Chuige sin, cuirfidh BIÉ feabhas ar chumarsáid leis an bpobal ar an ngréasán ionad seirbhíse, féach Cuid 7 thíos. Déanfar an t-ardú feasachta seo maidir le gréasán ionad seirbhíse ar an líne (mar atá leagtha amach thíos); agus trí chomharthaíocht leordhóthanach faisnéise a sholáthar ar feadh an Ghréasáin. Tá gá freisin le hathrú ar na socruithe reatha comharthaíochta do hionaid seirbhíse ar leataobh de bharr ardú feasachta faoi leibhéal an tsoláthair ionad seirbhíse ar leataobh.


Déanfar leataobhanna páirceála a chuíchóiriú anois i gcás: go bhfuil dúbailt feidhme ann maidir leis an ngréasán ionad seirbhíse, agus go laghdaítear an úsáid. Coinneofar leataobhanna páirceála atá ann cheana in áiteanna áirithe, go fóill; i gcás nach bhfuil aon áit eile ann faoi láthair, mar shampla feadh chonair an M17/M18. Tugtar

breac-chuntas sa Tábla 6.1 seo a leanas ar roinnt cinntí a rinneadh maidir le Leataobhanna agus Limistéir Forfheidhmithe an Gharda Síochána ar gach ceann de na Mótarbhealaí agus na conairí débhealaigh Shaghas 1.


San íomhá Figiúr 6.1 agus 6.2 thíos, tugtar forléargas ar na leataobhanna (le cuíchóiriú agus dúnadh pleanáilte) faoin nGréasán. Tar éis an chuíchóirithe, fanfaidh 34 leataobh ag feidhmiú ar an nGréasán.

*Tábla 6.1 Athruithe ar an nGréasán Leataobhanna agus GEA.*

| Conair | Gréasán | Gníomhaíochtaí i ndáil le Leataobhanna |
|---|---|---|
| **M1** | Croí | Dúnadh Limistéar Forfheidhmithe an Gharda Síochána ó dheas d'Ionad Seirbhíse Lusca |
| **M2** | - | - |
| **M3** | - | - |
| **M4** | Cuimsitheach | - |
| **M6** | Cuimsitheach | Leataobh a bhaint idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain. Saoráid a bhaint cóngarach d’ionad seirbhíse Bhaile Átha Luain. |
| | | Leataobh breise a fhorbairt idir Baile Átha Luain agus Gaillimh |
| **M7** | Croí | Leataobh idir an tAonach agus Luimneach a dhúnadh mar gheall ar ionad seirbhíse in aice láimhe (áis le haistriú chuig feidhm forfheidhmithe). |
| **M8** | Croí | Leataobh a dhúnadh idir Durlas agus Cluain Meala mar gheall ar ionad seirbhíse in aice láimhe (áis le haistriú chuig feidhm forfheidhmithe). |
| **M9** | Cuimsitheach | Leataobh a bhaint ó dheas d'Ionad Seirbhíse Chill Chuillinn |
| **M11** | Cuimsitheach | Leataobh a bhaint ó dheas d'Ionad Seirbhíse Ghuaire |




*Fíor 6.1: Limistéir Fhorfheidhmithe an Gharda Síochána agus Leataobhanna (Socruithe Reatha)*




*Fíor 6.2: Limistéir Fhorfheidhmithe an Gharda Síochána agus Leataobhanna (Beartaithe)*

## 7 Beartas maidir le Cumarsáid

Chun a chinntiú gur féidir le tiománaithe a dturais a phleanáil go leordhóthanach ar an ngréasán mótarbhealaí agus débhealaí, tá sé tábhachtach go gcuirfí faisnéis chuimsitheach, chruinn agus éasca le fáil faoi shuíomhanna na n-ionad seirbhíse (agus na saoráidí a sholáthraíonn siad). Is gá an fhaisnéis seo a chur in iúl ar bhealach soiléir agus comhsheasmhach do lucht féachana baile agus idirnáisiúnta araon; agus go deimhin cumarsáid a dhéanamh ar aon ionad seirbhíse breise a fhorbrófar amach anseo.

I bhfianaise a bhfuil thuas agus de réir Ghníomh 19 de Straitéis Tarlaithe Bóithre na hÉireann 2022-2031, mhol sé freisin cumarsáid a nuashonrú maidir le hionaid seirbhíse (i gcomhairle leis an Roinn Iompair agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre) tríd an méid seo a leanas:

- Comhdhlúthóidh BIÉ faisnéis ionad seirbhíse ar an líne i leathanach gréasáin amháin atá simplí le húsáid agus aip deiseanna scíthe 'Tiredness Kills' BIÉ;
- Cuirfear faisnéis ar fáil i léarscáil idirghníomhach agus gheografach, le sonraí faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil i ngach ionad seirbhíse (rochtain trí chliceáil ar an léarscáil);
- Cuirfear faisnéis ar fáil d'ionaid seirbhíse ar an líne agus ar leataobh (a chomhlíonann na critéir maidir le comharthaíocht mótarbhealaigh);
- Beidh cineál agus leibhéal na faisnéise a sholáthrófar comhsheasmhach ar fud na n-ionad seirbhíse ar an líne agus ar leataobh;
- Bunóidh BIÉ cumarsáid le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go ndéantar an fhaisnéis is nuashonraithe a chur in iúl agus a chomhtháthú ar a leathanaigh ghréasáin, ag cinntiú an cháilíocht chéanna faisnéise ar fud gach ardán; agus
- Cuirfidh BIÉ faisnéis ar fáil freisin faoi na leataobhanna páirceála faoin nGréasán; agus cuirfidh sé an pobal ar an eolas freisin faoi aon athúsáid / cuíchóiriú ar an gcéanna.

## 8.0 Na Chéad Chéimeanna eile

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúla a leagadh béim orthu le linn an chomhairliúcháin phoiblí, treiseofar an beartas Ionad Seirbhíse seo le sraith gníomhaíochtaí, atá le déanamh ag BIÉ tar éis fhoilsiú an bheartais. Tá na gníomhaíochtaí seo leagtha amach sa tábla thíos agus tabharfar aghaidh ar aon saincheisteanna iarmharacha maidir le hionaid seirbhísí, leataobhanna agus comharthaíocht.

| Uimh. | Beart |
|---|---|
| 1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar shaoráidí limistéir pháirceála atá ann cheana faoin nGréasán don earnáil tarlaithe, i gcomhthéacs leibhéal na seirbhíse mar a pléadh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún. Suíomhanna féideartha a aithint chun scéim phíolótach a fhorbairt, maidir le limistéir pháirceála shábháilte shlána a sholáthar don earnáil tarlaithe ag ionad seirbhíse ar líne. |
| 2 | Beartas Comharthaíochta BIÉ a nuashonrú, agus na pointí a ardaíodh laistigh de chomhairliúchán poiblí Ionad Seirbhíse 2023 á gcur san áireamh, nuair is indéanta/más féidir. |
| 3 | Comharthaíocht nuashonraithe a chur ar fáil, a léiríonn Cuid 6.0 den bheartas seo, ag leataobhanna agus ag GEAanna athchuspóra faoin ngréasán. |
| 4 | Nuashonrú DN-GAO-03028: *Suíomh agus Leagan Amach na nIonad Seirbhíse Ar Líne*, chun míreanna éagsúla a léiriú, lena n-áirítear: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún; an nuashonrú ar an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha; an Plean Náisiúnta um Ghréasán Luchtaithe Feithiclí Leictreacha Faoi Bhealach a thabhairt chun críche (in éineacht le rannpháirtíocht le ZEVI); agus an Nuashonrú seo a léiriú freisin. |
| 5 | Oibreoidh BIÉ leis an an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun feasacht an phobail a fhorbairt faoi leibhéal soláthair na n-ionad seirbhíse. |

| | |
|---|---|
| 6 | Forbróidh BIÉ leathanach gréasáin agus mapáil de réir Ghníomh 19 den Straitéis Tarlaithe Bóithre 2022 -2031, de réir Chuid 7.0 thuas. |

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Bonneagar Iompair Éireann
Ionad Gnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8
Éire, D08 DK10

Transport Infrastructure Ireland
Parkgate Business Centre
Parkgate Street
Dublin 8
Ireland, D08 DK10

www.tii.ie

info@tii.ie

+353 (0)1 646 3600

+353 (0)1 646 3601